2026/2558

16.11.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2558 ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Samhain 2026

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2024/2642 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/2642 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2024 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Deireadh Fómhair 2024, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2024/2642.

(2) Sna conclúidí uaithi an 16 Deireadh Fómhair 2026, cháin an Chomhairle Eorpach go géar iompar na Rúise atá ag dul in olcas agus atá ag éirí níos meargánta, agus d'athdhearbhaigh sí a tiomantas buanseasmhach do shlándáil na mBallstát uile. Dhearbhaigh an Chomhairle go mbeadh iarmhairtí ag gníomhaíochtaí na Rúise.

(3) Dearbhaíonn an tAontas an athuair go gcáineann sé gníomhaíochtaí mailíseacha na Rúise atá dírithe ar an Aontas, ar a Bhallstáit, ar eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ar thríú tíortha.

(4) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart 30 duine nádúrtha agus eintiteas amháin a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2024/2642 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L, 2024/2642, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2642/oj.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Samhain 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642 mar a leanas:

(1) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach faoin gceannteideal'A. Daoine nádúrtha':

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
'82.	Andrey Naumovich PERLA (Rúisis: Андрей Наумович ПЕРЛА)	Post: príomh-idé-eolaí agus anailísí ag an Social Design Agency Dáta breithe: 31.12.1973 Áit bhreithe: Samara, Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Pasuimhir: 4619662902 (arna eisiúint 23.4.2021) INN: 631605846798 Vkontakte: aperla	Is fostaí de chuid an Social Design Agency (SDA) é Andrey Perla. Ina cháil mar phríomh-idé-eolaí agus anailísí, tá sé freagrach as línte agus insintí idé-eolaíocha a chumadh agus téacsanna a scríobh. Rannchuidíonn sé le gníomhaíochtaí ionramhála faisnéise SDA agus glacann sé páirt iontu. Is eintiteas státmhaoinithe é SDA, a reáchtálann feachtais chórasacha ina ndéantar ionramháil ar na meáin, bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh, ardáin bhréagnuachta a oibriú agus ábhar a chumadh, ábhar atá ceaptha chun dallamullóg a chur ar léitheoirí agus an díospóireacht phoiblí a dheighilt san Aontas agus ina Bhallstáit agus i dtríú stáit. Tá sé ag obair nó bhí sé ag obair ar an bhfrithfheachtas Eorpach, mar a ghairtear de, a bhfuil téacsanna, méimeanna, nótaí trachta bréige á gcaitheamh amach aige, agus a bhain úsáid as uirlisí eile chun spás faisnéise na hEorpa a phlúchadh agus a dheighilt, agus ar an bhfrithfheachtas Úcránach, mar a ghairtear de, frithfheachtas a threisíonn insint na Rúise ar an gcogadh trí bholscaireacht agus ionramháil a bhaineann le túslíne na hÚcráine. Ina theannta sin, bhí baint aige le gníomhaíochtaí bréagaisnéise lena ndírítear ar an Airméin. Dá bhrí sin, tá baint ag Andrey Perla le gníomhaíochtaí atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise agus déanann sé iad a éascú agus tacaíonn sé leo, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i gceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit nó i dtríú tíortha, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh ann, agus tacú go díreach nó go hindíreach leis an méid sin, nó an méid sin a éascú ar bhealach eile. Tá baint aige freisin le SDA.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
83.	Alexey Vitalyevich ULYANOV (Rúisis: Алексей Витальевич УЛЬЯНОВ)	Post: Comhairleoir Polaitiúil, Ceann na Meán ag an Social Design Agency Dáta breithe: 28.10.1974 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann VKontakte: ulf.vest	Is fostaí de chuid an Social Design Agency (SDA) é Alexey Ulyanov. Ina cháil mar Shainchomhairleoir Polaitiúil agus mar Cheann ar na Meáin, rannchuidíonn sé le gníomhaíochtaí ionramhála faisnéise SDA agus glacann sé páirt iontu. Is eintiteas státmhaoinithe é SDA, a reáchtálann feachtais chórasacha ina ndéantar ionramháil ar na meáin, bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh, ardáin bhréagnuachta a oibriú agus ábhar a chumadh, ábhar atá ceaptha chun dallamullóg a chur ar léitheoirí agus an díospóireacht phoiblí a dheighilt san Aontas, ina Bhallstáit agus i dtríú stáit. Tá sé ag obair nó bhí sé ag obair ar an bhfrithfheachtas Eorpach, mar a ghairtear de, a bhfuil téacsanna, méimeanna agus nótaí tráchta bréige á gcaitheamh amach aige, agus a bhain úsáid as uirlisí eile chun spás faisnéise na hEorpa a phlúchadh agus a dheighilt, agus ar an bhfrithfheachtas Úcránach, mar a ghairtear de, frithfheachtas a threisíonn insint na Rúise ar an gcogadh trí bholscaireacht agus ionramháil a bhaineann le túslíne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá baint ag Alexey Ulyanov le gníomhaíochtaí atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise a éascú agus tacaíocht a thabhairt dóibh, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i gceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh ann, agus tacú go díreach nó go hindíreach leis an méid sin, nó an méid sin a éascú ar bhealach eile. Tá baint aige freisin le SDA.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
84.	Viktor Nikolaevich OSTRESHKO (Rúisis: Виктор Николаевич ОСТРЕШКО)	Post: Ceann na Roinne Ábhair, Anailísí ag an Social Design Agency Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann INN: 632115630840 VKontakte: viktor33	Is fostaí de chuid an Social Design Agency (SDA) é Viktor Ostreshko. Ina cháil mar Cheann ar an Roinn Ábhair, rannchuidíonn sé le gníomhaíochtaí ionramhála faisnéise SDA agus glacann sé páirt iontu. Is eintiteas státmhaoinithe é SDA, a reáchtálann feachtais chórasacha ina ndéantar ionramháil ar na meáin, bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh, ardáin bhréagnuachta a oibriú agus ábhar a chumadh, ábhar atá ceaptha chun dallamullóg a chur ar léitheoirí agus an díospóireacht phoiblí a dheighilt san Aontas, ina Bhallstáit agus i dtríú stáit. Tá sé ag obair nó bhí sé ag obair ar an bhfrithfheachtas Eorpach, mar a ghairtear de, a bhfuil téacsanna, méimeanna, nótaí trách bréige á gcaitheamh amach aige, agus a bhain úsáid as uirlisí eile chun spás faisnéise na hEorpa a phlúchadh agus a dheighilt, agus ar an bhfrithfheachtas Úcránach, mar a ghairtear de, frithfheachtas a threisíonn insint na Rúise ar an gcogadh trí bholscaireacht agus ionramháil a bhaineann le túslíne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá baint ag Viktor Ostreshko le gníomhaíochtaí atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise a éascú agus tacaíocht a thabhairt dóibh, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i gceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh ann, agus tacú go díreach nó go hindíreach leis an méid sin, nó an méid sin a éascú ar bhealach eile. Tá baint aige freisin le SDA.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
85.	Anastasia Olegovna KAZAKOVA (Rúisis: Анастасия Олеговна КАЗАКОВА)	Post: Ceann ar Roinn Bainistíochta na Meán Sóisialta ag an Social Design Agency, Eagarthóir ag an Teach Foilsitheoireachta “Ves” (“Весь”) Dáta breithe: 10.1.1995 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is fostaí de chuid an Social Design Agency (SDA) í Anastasia Kazakova. Ina cáil mar Cheann ar Roinn Bainistíochta na Meán Sóisialta, rannchuidíonn sí le gníomhaíochtaí ionramhála faisnéise SDA agus glacann sí páirt iontu. Is eintiteas státmhaoinithe é SDA, a reáchtálann feachtais chórasacha ina ndéantar ionramháil ar na meáin, bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh, ardáin bhréagnuachta a oibriú agus ábhar a chumadh, ábhar atá ceaptha chun dallamullóg a chur ar léitheoirí agus an díospóireacht phoiblí a dheighilt san Aontas, ina Bhallstáit agus i dtríú stáit. Bhí sí ag obair ar an bhfrithfheachtas Eorpach, mar a ghairtear de, a bhfuil téacsanna, méimeanna, nótaí tráchta bréige á gcaitheamh amach aige, agus a bhain úsáid as uirlisí eile chun spás faisnéise na hEorpa a phlúchadh agus a dheighilt, agus ar an bhfrithfheachtas Úcránach, mar a ghairtear de, frithfheachtas a threisíonn insint na Rúise ar an gcogadh trí bholscaireacht agus ionramháil a bhaineann le túslíne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá baint ag Anastasia Kazakova le gníomhaíochtaí atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise a éascú agus tacaíocht a thabhairt dóibh, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i gceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh ann, agus tacú go díreach nó go hindíreach leis an méid sin, nó an méid sin a éascú ar bhealach eile. Tá baint aici freisin le SDA.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
86.	Vladimir Igorevich GOLOVASHIN (Rúisis: Владимир Игоревич ГОЛОВАШИН)	Post: scríbhneoir ag an Social Design Agency Dáta breithe: 16.11.1980 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Vkontakte: golovashin	Is fostaí de chuid an Social Design Agency (SDA) é Vladimir Golovashin. Ina cháil mar scríbhneoir, rannchuidíonn sé le gníomhaíochtaí ionramhála faisnéise SDA agus glacann sé páirt iontu. Is eintiteas státmhaoinithe é SDA, a reáchtálann feachtais chórasacha ina ndéantar ionramháil ar na meáin, bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh, ardáin bhréagnuachta a oibriú agus ábhar a chumadh, ábhar atá ceaptha chun dallamullóg a chur ar léitheoirí agus an díospóireacht phoiblí a dheighilt san Aontas, ina Bhallstáit agus i dtríú stáit. Tá sé ag obair nó bhí sé ag obair ar an bhfrithfheachtas Eorpach, mar a ghairtear de, a bhfuil téacsanna, méimeanna, nótaí trách bréige á gcaitheamh amach aige, agus a bhain úsáid as uirlisí eile chun spás faisnéise na hEorpa a phlúchadh agus a dheighilt, agus ar an bhfrithfheachtas Úcránach, mar a ghairtear de, frithfheachtas a threisíonn insint na Rúise ar an gcogadh trí bholscaireacht agus ionramháil a bhaineann le túslíne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá baint ag Vladimir Golovashin le gníomhaíochtaí atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise a éascú agus tacaíocht a thabhairt dóibh, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i gceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh ann, agus tacú go díreach nó go hindíreach leis an méid sin, nó an méid sin a éascú ar bhealach eile. Tá baint aige freisin le SDA.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
87.	Alexander Pavlovich KOCHETOV (Rúisis: Александр Павлович КОЧЕТОВ)	Post: scríbhneoir ag an Social Design Agency Dáta breithe: 19.11.1983 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann VKontakte: lex191	Oibríonn Alexander Kochetov don Social Design Agency (SDA). Ina cháil mar scríbhneoir, rannchuidíonn sé le gníomhaíochtaí ionramhála faisnéise SDA agus glacann sé páirt iontu. Is eintiteas státmhaoinithe é SDA, a reáchtálann feachtais chórasacha ina ndéantar ionramháil ar na meáin, bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh, ardáin bhréagnuachta a oibriú agus ábhar a chumadh, ábhar atá ceaptha chun dallamullóg a chur ar léitheoirí agus an díospóireacht phoiblí a dheighilt san Aontas, ina Bhallstáit agus i dtríú stáit. Tá sé ag obair nó bhí sé ag obair ar an bhfrithfheachtas Eorpach, mar a ghairtear de, a bhfuil téacsanna, méimeanna, nótaí trách bréige á gcaitheamh amach aige, agus a bhain úsáid as uirlisí eile chun spás faisnéise na hEorpa a phlúchadh agus a dheighilt, agus ar an bhfrithfheachtas Úcránach, mar a ghairtear de, frithfheachtas a threisíonn insint na Rúise ar an gcogadh trí bholscaireacht agus ionramháil a bhaineann le túslíne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá baint ag Alexander Kochetov le gníomhaíochtaí atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise a éascú agus tacaíocht a thabhairt dóibh, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i gceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh ann, agus tacú go díreach nó go hindíreach leis an méid sin, nó an méid sin a éascú ar bhealach eile. Tá baint aige freisin le SDA.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
88.	Sergey Vyacheslavovich TATTI (Rúisis: Сергей Вячеславович ТАТТИ)	Post: Eagarthóir ar an gcóras “Pulse” ag an Social Design Agency, Stiúrthóir Ionad Óige Chathair Tver Dáta breithe: 22.6.1989 Áit bhreithe: Tver, PSS na Rúise roimhe seo (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann VK: https://vk.com/id11406115	Is fostaí de chuid an Social Design Agency (SDA) é Sergey Tatti. Ina cháil mar eagarthóir ar an gcóras “Pulse”, rannchuidíonn sé le gníomhaíochtaí ionramhála faisnéise SDA agus glacann sé páirt iontu. Is eintiteas státmhaoinithe é SDA, a reáchtálann feachtais chórasacha ina ndéantar ionramháil ar na meáin, bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh, ardáin bhréagnuachta a oibriú agus ábhar a chumadh, ábhar atá ceaptha chun dallamullóg a chur ar léitheoirí agus an díospóireacht phoiblí a dheighilt san Aontas, ina Bhallstáit agus i dtríú stáit. Tá sé ag obair nó bhí sé ag obair ar an bhfrithfheachtas Eorpach, mar a ghairtear de, a bhfuil téacsanna, méimeanna, nótaí trách bréige á gcaitheamh amach aige, agus a bhain úsáid as uirlisí eile chun spás faisnéise na hEorpa a phlúchadh agus a dheighilt, agus ar an bhfrithfheachtas Úcránach, mar a ghairtear de, frithfheachtas a threisíonn insint na Rúise ar an gcogadh trí bholscaireacht agus ionramháil a bhaineann le túslíne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá baint ag Sergey Tatti le gníomhaíochtaí atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise a éascú agus tacaíocht a thabhairt dóibh, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i gceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh ann, agus tacú go díreach nó go hindíreach leis an méid sin, nó an méid sin a éascú ar bhealach eile. Tá baint aige freisin le SDA.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
89.	Elena GRIGOREVA (Rúisis: Елена Григорьева)	Post: Oibreoir Frithmhonatóireachta ag an Social Design Agency Inscne: baineann Náisiúntacht: Rúiseach Vkontakte: Welchomehere	Is fostaí de chuid an Social Design Agency (SDA) í Elena Grigoreva. Ina cáil mar oibreoir frithmhonatóireachta ag SDA, rannchuidíonn sí le gníomhaíochtaí ionramhála faisnéise SDA agus glacann sí páirt iontu. Is eintiteas státmhaoinithe é SDA, a reáchtálann feachtais chórasacha ina ndéantar ionramháil ar na meáin, bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh, ardáin bhréagnuachta a oibriú agus ábhar a chumadh, ábhar atá ceaptha chun dallamullóg a chur ar léitheoirí agus an díospóireacht phoiblí a dheighilt san Aontas, ina Bhallstáit agus i dtríú stáit. Tá sí ag obair nó bhí sí ag obair ar an bhfrithfheachtas Eorpach, mar a ghairtear de, a bhfuil téacsanna, méimeanna, nótaí trách bréige á gcaitheamh amach aige, agus a bhain úsáid as uirlisí eile chun spás faisnéise na hEorpa a phlúchadh agus a dheighilt, agus ar an bhfrithfheachtas Úcránach, mar a ghairtear de, frithfheachtas a threisíonn insint na Rúise ar an gcogadh trí bholscaireacht agus ionramháil a bhaineann le túslíne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá baint ag Elena Grigoreva le gníomhaíochtaí atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise a éascú agus tacaíocht a thabhairt dóibh, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i gceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh ann, agus tacú go díreach nó go hindíreach leis an méid sin, nó an méid sin a éascú ar bhealach eile. Tá baint aici freisin le SDA.	16.11.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2558/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
90.	Olga Alexandrovich / Alexandrovna POLOSINA (Rúisis: Ольга Александрович / Александровна ПОЛОСИНА)	Post: monatóir ag an Social Design Agency Inscne: baineann Náisiúntacht: Rúiseach VKontakte: happyalways.olapolosina	Oibríonn Olga Polosina don Social Design Agency (SDA). Ina cáil mar mhonatóir ag SDA, rannchuidíonn sí le gníomhaíochtaí ionramhála faisnéise SDA agus glacann sí páirt iontu. Is eintiteas státmhaoinithe é SDA, a reáchtálann feachtais chórasacha ina ndéantar ionramháil ar na meáin, bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh, ardáin bhréagnuachta a oibriú agus ábhar a chumadh, ábhar atá ceaptha chun dallamullóg a chur ar léitheoirí agus an díospóireacht phoiblí a dheighilt san Aontas, ina Bhallstáit agus i dtríú stáit. Tá sí ag obair nó bhí sí ag obair ar an bhfrithfheachtas Eorpach, mar a ghairtear de, a bhfuil téacsanna, méimeanna, nótaí tráchta bréige á gcaitheamh amach aige, agus a bhain úsáid as uirlisí eile chun spás faisnéise na hEorpa a phlúchadh agus a dheighilt. Dá bhrí sin, tá baint ag Olga Polosina le gníomhaíochtaí atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise a éascú agus tacaíocht a thabhairt dóibh, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i gceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh ann, agus tacú go díreach nó go hindíreach leis an méid sin, nó an méid sin a éascú ar bhealach eile. Tá baint aici freisin le SDA.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
91.	Viktoria Igorevna GORDEEVA (Rúisis: Виктория Игоревна ГОРДЕЕВА)	Post: monatóir ag an Social Design Agency Inscne: baineann Náisiúntacht: Rúiseach	Oibríonn Viktoriya Gordeeva don Social Design Agency (SDA). Ina cáil mar mhonatóir, rannchuidíonn sí le gníomhaíochtaí ionramhála faisnéise SDA agus glacann sí páirt iontu. Is eintiteas státmhaoinithe é SDA, a reáchtálann feachtais chórasacha ina ndéantar ionramháil ar na meáin, bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh, ardáin bhréagnuachta a oibriú agus ábhar a chumadh, ábhar atá ceaptha chun dallamullóg a chur ar léitheoirí agus an díospóireacht phoiblí a dheighilt san Aontas, ina Bhallstáit agus i dtríú stáit. Tá sí ag obair nó bhí sí ag obair ar an bhfrithfheachtas Eorpach, mar a ghairtear de, a bhfuil téacsanna, méimeanna, nótaí trách bréige á gcaitheamh amach aige, agus a bhain úsáid as uirlisí eile chun spás faisnéise na hEorpa a phlúchadh agus a dheighilt. Dá bhrí sin, tá baint ag Viktoriya Gordeeva le gníomhaíochtaí atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise a éascú agus tacaíocht a thabhairt dóibh, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i gceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh ann, agus tacú go díreach nó go hindíreach leis an méid sin, nó an méid sin a éascú ar bhealach eile. Tá baint aici freisin le SDA.	16.11.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2558/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
92.	Andrey Petrovich MANZOLEVSKYI (Rúisis: Андрей Петрович МАНЗОЛЕВСКИЙ)	Post: Bainisteoir Tionscadail ag an Social Design Agency Inscne: fireann Náisiúntacht: Rúiseach An t-ainm úsáideora “Manzal” ar roinnt ardáin meán sóisialta	Is fostaí de chuid an Social Design Agency (SDA) é Andrey Manzolevskiy. Ina cháil mar bhainisteoir tionscadail agus mar cheannaire grúpa, rannchuidíonn sé le gníomhaíochtaí ionramhála faisnéise SDA agus glacann sé páirt iontu. Is eintiteas státmhaoinithe é SDA, a reáchtálann feachtais chórasacha ina ndéantar ionramháil ar na meáin, bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh, ardáin bhréagnuachta a oibriú agus ábhar a chumadh, ábhar atá ceaptha chun dallamullóg a chur ar léitheoirí agus an díospóireacht phoiblí a dheighilt san Aontas, ina Bhallstáit agus i dtríú stáit. Tá sé ag obair nó bhí sé ag obair ar an bhfrithfheachtas Eorpach, mar a ghairtear de, a bhfuil téacsanna, méimeanna, nótaí trách bréige á gcaitheamh amach aige, agus a bhain úsáid as uirlisí eile chun spás faisnéise na hEorpa a phlúchadh agus a dheighilt, agus ar an bhfrithfheachtas Úcránach, mar a ghairtear de, frithfheachtas a threisíonn insint na Rúise ar an gcogadh trí bholscaireacht agus ionramháil a bhaineann le túslíne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá baint ag Andrey Manzolevskiy le gníomhaíochtaí atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise a éascú agus tacaíocht a thabhairt dóibh, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i gceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh ann, agus tacú go díreach nó go hindíreach leis an méid sin, nó an méid sin a éascú ar bhealach eile. Tá baint aige freisin le SDA.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
93.	Mikhail Alexandrovich BARAEV (Rúisis: Михаил Александрович БАРАЕВ)	Post: Ceann na Roinne Dearaidh, anailísí ag an Social Design Agency Inscne: fireann Náisiúntacht: Rúiseach	Is fostaí de chuid an Social Design Agency (SDA) é Michail Baraev. Ina cháil mar Cheann ar an Roinn Dearaidh agus is anailísí é atá freagrach as dearthóirí, leagan amach, dearadh, anailísíocht, bunachair sonraí agus deaiseanna a bhainistiú. Rannchuidíonn sé le gníomhaíochtaí ionramhála faisnéise SDA agus glacann sé páirt iontu. Is eintiteas státmhaoinithe é SDA, a reáchtálann feachtais chórasacha ina ndéantar ionramháil ar na meáin, bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh, ardáin bhréagnuachta a oibriú agus ábhar a chumadh, ábhar atá ceaptha chun dallamullóg a chur ar léitheoirí agus an díospóireacht phoiblí a dheighilt san Aontas, ina Bhallstáit agus i dtríú stáit. Tá sé ag obair nó bhí sé ag obair ar an bhfrithfheachtas Eorpach, mar a ghairtear de, a bhfuil téacsanna, méimeanna, nótaí trách bréige á gcaitheamh amach aige, agus a bhain úsáid as uirlisí eile chun spás faisnéise na hEorpa a phlúchadh agus a dheighilt, agus ar an bhfrithfheachtas Úcránach, mar a ghairtear de, frithfheachtas a threisíonn insint na Rúise ar an gcogadh trí bholscaireacht agus ionramháil a bhaineann le túslíne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá baint ag Michail Baraev le gníomhaíochtaí atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise agus déanann sé iad a éascú agus tacaíonn sé leo, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i gceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh ann, agus tacú go díreach nó go hindíreach leis an méid sin, nó an méid sin a éascú ar bhealach eile. Tá baint aige freisin le SDA.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
94.	Aleksei Vladimirovich MEDVEDEV (Rúisis: Алексей Владимирович МЕДВЕДЕВ)	Post: Príomhanailísí, Idé-eolaí ag an Social Design Agency Inscne: fireann Náisiúntacht: Rúiseach	Is fostaí de chuid an Social Design Agency (SDA) é Aleksei Medvedev. Ina cháil mar Phríomhanailísí agus mar Idé-eolaí tá sé freagrach as oibreoirí bailithe táblaí a bhainistiú, línte agus insintí idé-eolaíocha a chumadh, anailísíocht a dhéanamh agus téacsanna a scríobh. Rannchuidíonn sé le gníomhaíochtaí ionramhála faisnéise SDA agus glacann sé páirt iontu. Is eintiteas státmhaoinithe é SDA, a reáchtálann feachtais chórasacha ina ndéantar ionramháil ar na meáin, bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh, ardáin bhréagnuachta a oibriú agus ábhar a chumadh, ábhar atá ceaptha chun dallamullóg a chur ar léitheoirí agus an díospóireacht phoiblí a dheighilt san Aontas, ina Bhallstáit agus i dtríú stáit. Tá sé ag obair nó bhí sé ag obair ar an bhfrithfheachtas Eorpach, mar a ghairtear de, a bhfuil téacsanna, méimeanna, nótaí trách bréige á gcaitheamh amach aige, agus a bhain úsáid as uirlisí eile chun spás faisnéise na hEorpa a phlúchadh agus a dheighilt, agus ar an bhfrithfheachtas Úcránach, mar a ghairtear de, frithfheachtas a threisíonn insint na Rúise ar an gcogadh trí bholscaireacht agus ionramháil a bhaineann le túslíne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá baint ag Aleksei Medvedev le gníomhaíochtaí atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise agus déanann sé iad a éascú agus tacaíonn sé leo, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i gceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh ann, agus tacú go díreach nó go hindíreach leis an méid sin, nó an méid sin a éascú ar bhealach eile. Tá baint aige freisin le SDA.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
95.	Yan Gennadyevich NALIMOV (Rúisis: Ян Геннадьевич НАЛИМОВ)	Post: Eagarthóir, Scríbhneoir ag an Social Design Agency Inscne: fireann Náisiúntacht: Rúiseach	Is fostaí de chuid an Social Design Agency (SDA) é Yan Nalimov. Ina cháil mar eagarthóir agus scríbhneoir, is é atá freagrach as téacsanna a chur in eagar agus a scríobh, táblaí anailíseacha a líonadh isteach. Rannchuidíonn sé le gníomhaíochtaí ionramhála faisnéise SDA agus glacann sé páirt iontu. Is eintiteas státmhaoinithe é SDA, a reáchtálann feachtais chórasacha ina ndéantar ionramháil ar na meáin, bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh, ardáin bhréagnuachta a oibriú agus ábhar a chumadh, ábhar atá ceaptha chun dallamullóg a chur ar léitheoirí agus an díospóireacht phoiblí a dheighilt san Aontas, ina Bhallstáit agus i dtríú stáit. Tá sé ag obair nó bhí sé ag obair ar an bhfrithfheachtas Eorpach, mar a ghairtear de, a bhfuil téacsanna, méimeanna, nótaí trách bréige á gcaitheamh amach aige, agus a bhain úsáid as uirlisí eile chun spás faisnéise na hEorpa a phlúchadh agus a dheighilt, agus ar an bhfrithfheachtas Úcránach, mar a ghairtear de, frithfheachtas a threisíonn insint na Rúise ar an gcogadh trí bholscaireacht agus ionramháil a bhaineann le túslíne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá baint ag Yan Nalimov le gníomhaíochtaí atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise agus déanann sí iad a éascú agus tacaíonn sí leo, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i gceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh ann, agus tacú go díreach nó go hindíreach leis an méid sin, nó an méid sin a éascú ar bhealach eile. Tá baint aige freisin le SDA.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
96.	Evgenia VIRACHEVA (Rúisis: Евгения ВИРАЧЕВА)	Feidhm: Eagarthóir agus scríbhneoir ag an Social Design Agency Inscne: baineann Náisiúntacht: Rúiseach	Is fostaí de chuid an Social Design Agency (SDA) í Evgenia Viracheva. Ina cáil mar eagarthóir agus scríbhneoir, is í atá freagrach as téacsanna a scríobh agus táblaí anailíseacha a líonadh. Rannchuidíonn sí le gníomhaíochtaí ionramhála faisnéise SDA agus glacann sí páirt iontu. Is eintiteas státmhaoinithe é SDA, a reáchtálann feachtais chórasacha ina ndéantar ionramháil ar na meáin, bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh, ardáin bhréagnuachta a oibriú agus ábhar a chumadh, ábhar atá ceaptha chun dallamullóg a chur ar léitheoirí agus an díospóireacht phoiblí a dheighilt san Aontas, ina Bhallstáit agus i dtríú stáit. Tá sí ag obair nó bhí sí ag obair ar an bhfrithfheachtas Eorpach, mar a ghairtear de, a bhfuil téacsanna, méimeanna, nótaí trách bréige á gcaitheamh amach aige, agus a bhain úsáid as uirlisí eile chun spás faisnéise na hEorpa a phlúchadh agus a dheighilt, agus ar an bhfrithfheachtas Úcránach, mar a ghairtear de, frithfheachtas a threisíonn insint na Rúise ar an gcogadh trí bholscaireacht agus ionramháil a bhaineann le túslíne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá baint ag Evgeniya Viracheva le gníomhaíochtaí atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise agus déanann sí iad a éascú agus tacaíonn sí leo, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i gceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh ann, agus tacú go díreach nó go hindíreach leis an méid sin, nó an méid sin a éascú ar bhealach eile. Tá baint aici freisin le SDA.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
97.	Gulnara Vilsurovna ANDROSOVA (Rúisis: Гульнара Вилсуровна АНДРОСОВА)	Post: scríbhneoir ag an Social Design Agency Inscne: baineann Náisiúntacht: Rúiseach	Oibríonn Gulnara Androsova don Social Design Agency (SDA). Ina cáil mar scríbhneoir, tá sí freagrach as téacsanna a scríobh agus táblaí anailíseacha a líonadh isteach. Rannchuidíonn sí le gníomhaíochtaí ionramhála faisnéise SDA agus glacann sí páirt iontu. Is eintiteas státmhaoinithe é SDA, a reáchtálann feachtais chórasacha ina ndéantar ionramháil ar na meáin, bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh, ardáin bhréagnuachta a oibriú agus ábhar a chumadh, ábhar atá ceaptha chun dallamullóg a chur ar léitheoirí agus an díospóireacht phoiblí a dheighilt san Aontas, ina Bhallstáit agus i dtríú stáit. Tá sí ag obair nó bhí sí ag obair ar an bhfrithfheachtas Eorpach, mar a ghairtear de, a bhfuil téacsanna, méimeanna, nótaí trách bréige á gcaitheamh amach aige, agus a bhain úsáid as uirlisí eile chun spás faisnéise na hEorpa a phlúchadh agus a dheighilt, agus ar an bhfrithfheachtas Úcránach, mar a ghairtear de, frithfheachtas a threisíonn insint na Rúise ar an gcogadh trí bholscaireacht agus ionramháil a bhaineann le túslíne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá baint ag Gulnara Androsova le gníomhaíochtaí atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise agus déanann sí iad a éascú agus tacaíonn sí leo, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i gceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh ann, agus tacú go díreach nó go hindíreach leis an méid sin, nó an méid sin a éascú ar bhealach eile. Tá baint aici freisin le SDA.	16.11.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2558/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
98.	Igor Vladimiroch Bogatyrev (Rúisis: Игорь Владимироч БОГАТЫРЕВ)	Post: scríbhneoir ag an Social Design Agency Inscne: fireann Náisiúntacht: Rúiseach	Oibríonn Igor Bogatyrev don Social Design Agency (SDA). Ina cháil mar scríbhneoir, tá sé freagrach as téacsanna a scríobh agus táblaí anailíseacha a líonadh isteach. Rannchuidíonn sé le gníomhaíochtaí ionramhála faisnéise SDA agus glacann sé páirt iontu. Is eintiteas státmhaoinithe é SDA, a reáchtálann feachtais chórasacha ina ndéantar ionramháil ar na meáin, bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh, ardáin bhréagnuachta a oibriú agus ábhar a chumadh, ábhar atá ceaptha chun dallamullóg a chur ar léitheoirí agus an díospóireacht phoiblí a dheighilt san Aontas, ina Bhallstáit agus i dtríú stáit. Tá sé ag obair nó bhí sé ag obair ar an bhfrithfheachtas Eorpach, mar a ghairtear de, a bhfuil téacsanna, méimeanna, nótaí trách bréige á gcaitheamh amach aige, agus a bhain úsáid as uirlisí eile chun spás faisnéise na hEorpa a phlúchadh agus a dheighilt, agus ar an bhfrithfheachtas Úcránach, mar a ghairtear de, frithfheachtas a threisíonn insint na Rúise ar an gcogadh trí bholscaireacht agus ionramháil a bhaineann le túslíne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá baint ag Igor Bogatyrev le gníomhaíochtaí atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise agus déanann sé iad a éascú agus tacaíonn sé leo, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i gceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh ann, agus tacú go díreach nó go hindíreach leis an méid sin, nó an méid sin a éascú ar bhealach eile. Tá baint aige freisin le SDA.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
99.	Vladimir Viktorovich KREMLEV (Rúisis: Владимир Викторович КРЕМЛЕВ)	Feidhm: Scigeolaí agus ealaíontóir ag an Social Design Agency Dáta breithe: 16.3.1964 Áit bhreithe: Tver, PSS na Rúise roimhe seo (Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Rúiseach	Oibríonn Vladimir Kremlev don Social Design Agency (SDA). Ina cháil mar scigeolaí agus ealaíontóir, is é atá freagrach as scigphictiúir agus ealaíon eile a chruthú. Rannchuidíonn sé le gníomhaíochtaí ionramhála faisnéise SDA agus glacann sé páirt iontu. Is eintiteas státmhaoinithe é SDA, a reáchtálann feachtais chórasacha ina ndéantar ionramháil ar na meáin, bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh, ardáin bhréagnuachta a oibriú agus ábhar a chumadh, ábhar atá ceaptha chun dallamullóg a chur ar léitheoirí agus an díospóireacht phoiblí a dheighilt san Aontas, ina Bhallstáit agus i dtríú stáit. Tá sé ag obair nó bhí sé ag obair ar an bhfrithfheachtas Eorpach, mar a ghairtear de, a bhfuil téacsanna, méimeanna, nótaí trách bréige á gcaitheamh amach aige, agus a bhain úsáid as uirlisí eile chun spás faisnéise na hEorpa a phlúchadh agus a dheighilt, agus ar an bhfrithfheachtas Úcránach, mar a ghairtear de, frithfheachtas a threisíonn insint na Rúise ar an gcogadh trí bholscaireacht agus ionramháil a bhaineann le túslíne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá baint ag Vladimir Kremlev le gníomhaíochtaí atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise agus déanann sé iad a éascú agus tacaíonn sé leo, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i gceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh ann, agus tacú go díreach nó go hindíreach leis an méid sin, nó an méid sin a éascú ar bhealach eile. Tá baint aige freisin le SDA.	16.11.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2558/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
100.	Sergey Nikolaevich KORSUN (Rúisis: Сергей Николаевич КОРСУН)	Feidhm: Scigeolaí agus ealaíontóir ag an Social Design Agency Dáta breithe: 2.8.1968 Áit bhreithe: Pavlodar, PPS na Casacstáine roimhe seo, (an Chasacstáin anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Rúiseach	Oibríonn Sergey Korsun don Social Design Agency (SDA). Ina cháil mar scigeolaí agus ealaíontóir, is é atá freagrach as scigphictiúir agus ealaíon eile a chruthú. Rannchuidíonn sé le gníomhaíochtaí ionramhála faisnéise SDA agus glacann sé páirt iontu. Is eintiteas státmhaoinithe é SDA, a reáchtálann feachtais chórasacha ina ndéantar ionramháil ar na meáin, bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh, ardáin bhréagnuachta a oibriú agus ábhar a chumadh, ábhar atá ceaptha chun dallamullóg a chur ar léitheoirí agus an díospóireacht phoiblí a dheighilt san Aontas, ina Bhallstáit agus i dtríú stáit. Tá sé ag obair nó bhí sé ag obair ar an bhfrithfheachtas Eorpach, mar a ghairtear de, a bhfuil téacsanna, méimeanna, nótaí trách bréige á gcaitheamh amach aige, agus a bhain úsáid as uirlisí eile chun spás faisnéise na hEorpa a phlúchadh agus a dheighilt, agus ar an bhfrithfheachtas Úcránach, mar a ghairtear de, frithfheachtas a threisíonn insint na Rúise ar an gcogadh trí bholscaireacht agus ionramháil a bhaineann le túslíne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá baint ag Sergey Korsun le gníomhaíochtaí atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise agus déanann sé iad a éascú agus tacaíonn sé leo, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i gceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh ann, agus tacú go díreach nó go hindíreach leis an méid sin, nó an méid sin a éascú ar bhealach eile. Tá baint aige freisin le SDA.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
101.	Armen Genrikhovich ASRYAN (Rúisis: Армен Генрихович АСРЯН)	Feidhm: Scríbhneoir ag an Social Design Agency Inscne: fireann Náisiúntacht: Rúiseach	Is fostaí de chuid an Social Design Agency (SDA) é Armen Asryan. Ina cháil mar scríbhneoir, tá sé freagrach as téacsanna a scríobh agus táblaí anailíseacha a líonadh isteach. Rannchuidíonn sé le gníomhaíochtaí ionramhála faisnéise SDA agus glacann sé páirt iontu. Is eintiteas státmhaoinithe é SDA, a reáchtálann feachtais chórasacha ina ndéantar ionramháil ar na meáin, bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh, ardáin bhréagnuachta a oibriú agus ábhar a chumadh, ábhar atá ceaptha chun dallamullóg a chur ar léitheoirí agus an díospóireacht phoiblí a dheighilt san Aontas, ina Bhallstáit agus i dtríú stáit. Tá sé ag obair nó bhí sé ag obair ar an bhfrithfheachtas Eorpach, mar a ghairtear de, a bhfuil téacsanna, méimeanna, nótaí trách bréige á gcaitheamh amach aige, agus a bhain úsáid as uirlisí eile chun spás faisnéise na hEorpa a phlúchadh agus a dheighilt, agus ar an bhfrithfheachtas Úcránach, mar a ghairtear de, frithfheachtas a threisíonn insint na Rúise ar an gcogadh trí bholscaireacht agus ionramháil a bhaineann le túslíne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá baint ag Armen Asryan le gníomhaíochtaí atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise agus déanann sé iad a éascú agus tacaíonn sé leo, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i gceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh ann, agus tacú go díreach nó go hindíreach leis an méid sin, nó an méid sin a éascú ar bhealach eile. Tá baint aige freisin le SDA.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
102.	Ilya Vladimirovich LIPKIND (Rúisis: Илья Владимирович ЛИПКИНД)	Feidhm: Scríbhneoir agus Anailísí ag an Social Design Agency Inscne: fireann Náisiúntacht: Rúiseach	Oibríonn Ilya Lipkind don Social Design Agency (SDA). Ina cháil mar scríbhneoir agus anailísí tá sé freagrach as téacsanna agus airteagail ghearra a scríobh, as anailísíocht agus as táblaí anailíseacha a líonadh isteach. Rannchuidíonn sé le gníomhaíochtaí ionramhála faisnéise SDA agus glacann sé páirt iontu. Is eintiteas státmhaoinithe é SDA, a reáchtálann feachtais chórasacha ina ndéantar ionramháil ar na meáin, bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh, ardáin bhréagnuachta a oibriú agus ábhar a chumadh, ábhar atá ceaptha chun dallamullóg a chur ar léitheoirí agus an díospóireacht phoiblí a dheighilt san Aontas, ina Bhallstáit agus i dtríú stáit. Tá sé ag obair nó bhí sé ag obair ar an bhfrithfheachtas Eorpach, mar a ghairtear de, a bhfuil téacsanna, méimeanna, nótaí trách bréige á gcaitheamh amach aige, agus a bhain úsáid as uirlisí eile chun spás faisnéise na hEorpa a phlúchadh agus a dheighilt, agus ar an bhfrithfheachtas Úcránach, mar a ghairtear de, frithfheachtas a threisíonn insint na Rúise ar an gcogadh trí bholscaireacht agus ionramháil a bhaineann le túslíne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá baint ag Ilya Lipkind le gníomhaíochtaí atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise agus déanann sé iad a éascú agus tacaíonn sé leo, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i gceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh ann, agus tacú go díreach nó go hindíreach leis an méid sin, nó an méid sin a éascú ar bhealach eile. Tá baint aige freisin le SDA.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
103.	Vladimir Aleksandrovich TROSHIN (Rúisis: Владимир Александрович ТРОШИН)	Feidhm: Riarthóir Córais i Roinn Manzoleskiy ag an Social Design Agency Inscne: fireann Náisiúntacht: Rúiseach	Is fostaí de chuid an Social Design Agency (SDA) é Vladimir Troshin. Ina cháil mar riarthóir córais, rannchuidíonn sé le gníomhaíochtaí cúblála faisnéise SDA agus glacann sé páirt iontu. Is eintiteas státmhaoinithe é SDA, a reáchtálann feachtais chórasacha ina ndéantar ionramháil ar na meáin, bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh, ardáin bhréagnuachta a oibriú agus ábhar a chumadh, ábhar atá ceaptha chun dallamullóg a chur ar léitheoirí agus an díospóireacht phoiblí a dheighilt san Aontas, ina Bhallstáit agus i dtríú stáit. Tá sé ag obair nó bhí sé ag obair ar an bhfrithfheachtas Eorpach, mar a ghairtear de, a bhfuil téacsanna, méimeanna, nótaí trách bréige á gcaitheamh amach aige, agus a bhain úsáid as uirlisí eile chun spás faisnéise na hEorpa a phlúchadh agus a dheighilt, agus ar an bhfrithfheachtas Úcránach, mar a ghairtear de, frithfheachtas a threisíonn insint na Rúise ar an gcogadh trí bholscaireacht agus ionramháil a bhaineann le túslíne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá baint ag Vladimir Troshin le gníomhaíochtaí atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise agus déanann sé iad a éascú agus tacaíonn sé leo, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i gceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh ann, agus tacú go díreach nó go hindíreach leis an méid sin, nó an méid sin a éascú ar bhealach eile. Tá baint aige freisin le SDA.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
104.	Aleksei Andreevich KLIMOVSKIY (Rúisis: Алексей Андреевич КЛИМОВСКИЙ)	Feidhm: Scríbhneoir ag an Social Design Agency Inscne: fireann Náisiúntacht: Rúiseach	Oibríonn Aleksei Klimovskiy don Social Design Agency (SDA). Ina cháil mar scríbhneoir, tá sé freagrach as táblaí anailíseacha a líonadh isteach. Rannchuidíonn sé le gníomhaíochtaí ionramhála faisnéise SDA agus glacann sé páirt iontu. Is eintiteas státmhaoinithe é SDA, a reáchtálann feachtais chórasacha ina ndéantar ionramháil ar na meáin, bolscaireacht ar son na Rúise a scaipeadh, ardáin bhréagnuachta a oibriú agus ábhar a chumadh, ábhar atá ceaptha chun dallamullóg a chur ar léitheoirí agus an díospóireacht phoiblí a dheighilt san Aontas, ina Bhallstáit agus i dtríú stáit. Tá sé ag obair nó bhí sé ag obair ar an bhfrithfheachtas Eorpach, mar a ghairtear de, a bhfuil téacsanna, méimeanna, nótaí trách bréige á gcaitheamh amach aige, agus a bhain úsáid as uirlisí eile chun spás faisnéise na hEorpa a phlúchadh agus a dheighilt, agus ar an bhfrithfheachtas Úcránach, mar a ghairtear de, frithfheachtas a threisíonn insint na Rúise ar an gcogadh trí bholscaireacht agus ionramháil a bhaineann le túslíne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá baint ag Aleksei Klimovskiy le gníomhaíochtaí atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise agus déanann sé iad a éascú agus tacaíonn sé leo, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i gceann amháin nó roinnt dá Bhallstáit nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, trí ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh ann, agus tacú go díreach nó go hindíreach leis an méid sin, nó an méid sin a éascú ar bhealach eile. Tá baint aige freisin le SDA.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
105.	Alina Maratovna GABDULLINA (Rúiseach: Алина Маратовна ГАБУЛЛИНА)	Feidhm: Ceannaire foirne i Roinn Manzoleskiy ag an Social Design Agency Inscne: baineann Náisiúntacht: Rúiseach	Is fostaí de chuid an Social Design Agency (SDA) í Alina Gabdullina. Ina cáil mar cheannaire foirne, tá sí freagrach as Roinn Manzolevskiy. Rannchuidíonn sí le gníomhaíochtaí ionramhála faisnéise SDA agus glacann sí páirt iontu. Is eintiteas státmhaoinithe é SDA, a reáchtálann feachtais chórasacha lena ndéantar ionramháil ar na meáin, lena scaiptear bolscaireacht ar son na Rúise, lena n-oibrítear ardáin bhréagnuachta agus lena ndéantar ábhar, atá ceaptha chun léitheoirí a chur amú agus polarú a chothú sa díospóireacht phoiblí san Aontas, ina Bhallstáit agus i dtríú stáit. Tá sí ag obair nó bhí sí ag obair ar an bhfeachtas i gcoinne na hEorpa, mar a thugtar air, a bhfuil téacsanna, meamraim agus tráchtanna bréige curtha amach go flúirseach aige, agus uirlisí eile á n-úsáid ann chun spás faisnéise na hEorpa a sháithiú agus a pholarú, agus ar an bhfeachtas i gcoinne na hÚcráine, mar a thugtar air, rud atá ag treisiú insint chogaidh na Rúise trí bholscaireacht agus ionramháil a bhaineann le túslíne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Alina Gabdullina freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais de chuid Rialtas Chónaidhm na Rúise a chur chun feidhme agus tacú leo, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, cobhsaíocht nó slándáil san Aontas nó i gceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin, trí úsáid ionramhála agus cur isteach comhordaithe ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt dhíreach nó indíreach a ghlacadh inti, go díreach nó go hindíreach, tacú léi nó í a éascú ar bhealach eile. Tá baint aici freisin le SDA.	16.11.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2558/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
106.	Chay BOWES	Post: comhfhreagraí ag Russia Today, comhbhunaitheoir The Islander News Dáta breithe: 1.5.1971 Náisiúntacht: Éireannach Inscne: fireann	Is saoránach Éireannach é Chay Bowes atá ag obair mar chomhfhreagraí don chainéal tionchair thrasnáisiúnta Rúiseach RT International. Tá clár teilifíse RT dar teideal "Moscow Mules" á chur i láthair aige ó mhí Feabhra 2024. Chomhbhunaigh sé líonra bréagaisnéise ar son na Rúise dar teideal The Islander News. Tá baint ag Bowes leis an iliomad oibríochtaí faisnéise a rinne an Foundation to Battle Injustice (R-FBI), a chruthaigh an Grúpa Wagner agus a liostaigh an tAontas i mí Iúil 2025, agus tá baint aige freisin le méadú rialta a dhéanamh ar an ábhar a tháirgeann Sraith Ionramhála Faisnéise na Rúise (IMS) Storm-1516. Ar chuireadh ó ionadaíocht na Rúise ag na Náisiúin Aontaithe, ghlac sé páirt i scaipeadh bréagaisnéise i gcoinne an Iarthair agus na hÚcráine ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Dá bhrí sin, tá sé ag cur gníomhaíochtaí nó beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise chun feidhme, ag tacú leo agus á n-éascú, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn den daonlathas, den smacht reachta, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas, in eagraíocht idirnáisiúnta agus i dtríú tíortha, nó ar bagairt iad ar an méid sin, trí úsáid ionramhála agus cur isteach ar fhaisnéis ar bhealach comhordaithe a phleanáil, a stiúradh, agus páirt a ghlacadh inti, go díreach nó go hindíreach, tacú léi nó í a éascú ar bhealach eile.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
107.	Aleksey Stefanov (Rúiseach: Алексей СТЕФАНОВ)	Post: iriseoir ag “Sputnik Latvia”, “Russian Today” agus “Rossiya Segodnya”, oibreoir agus comhordaitheoir na gcainéal “Shproty v izgnanii” agus “S baltijskim privetom” Dáta breithe: 3.6.1973 Áit bhreithe: Ríge, Poblacht Shóivéadach Shóisialach na Laitvia roimhe seo (an Laitvia anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is bolscaire Rúiseach agus oibreoir meán Rúiseach é Aleksey Stefanov a thacaíonn le beartais agus insintí rialtas na Rúise maidir le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus a chuireann chun cinn iad. Mar iriseoir de chuid Sputnik agus Rossiya Segodnya, thuairiscigh sé ó chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil na Rúise, mhaígh sé go raibh údar maith leis an ionradh a rinne an Rúis, scaip sé bolscaireacht i gcoinne na hÚcráine, agus chuir sé in iúl gur comhrac i gcoinne an “Naitsíochais” é an cogadh sin. Oibríonn agus comhordaíonn Aleksey Stefanov ardáin meán agus cainéil meán sóisialta atá dírithe ar lucht féachana sna Stáit Bhaltacha, áit a scaipeann sé insintí ar son na Creimile, lena n-áirítear daoine aonair a ionchúisítear as gníomhaíochtaí ar son na Rúise a chur chun cinn mar íospartaigh diansmachta pholaitiúil. Léirítear i dtuarascálacha imscrúdaitheacha go bhfuil cistiú á fháil aige ó Pravfond, ar príomhionstraim é de straitéis tionchair eachtraigh agus bolscaireachta Chónaidhm na Rúise, atá bunaithe agus maoinithe ag stát na Rúise, chun líonra cainéal Telegram atá ar son na Creimile a thógáil sna Stáit Bhaltacha. Dá bhrí sin, tá Aleksey Stefanov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais atá inchurtha i leith rialtas Chónaidhm na Rúise, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn de cheannasacht agus de neamhspleáchas tríú stát agus ar bagairt iad ar an méid sin, trí úsáid ionramhála agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt dhíreach nó indíreach a ghlacadh inti, tacú léi nó í a éascú ar bhealach eile agus trí choinbhleacht fhoréigneach i dtríú tír (an Úcráin) a thionscnamh, tacú léi nó í a éascú ar bhealach eile.	16.11.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2558/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
108.	Vitaliy Borisovich ELISEEV (Rúiseach: Виталий Борисович ЕЛИСЕЕВ)	Post: láithreoir an chláir laethúil “Vremya”, ar an gcainéal Rúiseach Channel One Dáta breithe: 30.9.1970 Áit bhreithe: Moscó, PSS na Rúise roimhe seo (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is láithreoir teilifíse stáit agus iriseoir Rúiseach é Vitaliy Eliseev a bhfuil ról lárnach aige maidir le hinsintí ar son na Creimile a scaipeadh trí Channel One, lena n-áirítear tuairisciú ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Cuireann Eliseev teachtaireachtaí chun cinn go comhsheasmhach a thugann údar le gníomhaíochtaí míleata na Rúise, agus léiríonn sé iad mar ghníomhaíochtaí atá riachtanach, dleathach agus inchosanta, agus an Úcráin á clúmhilleadh aige mar ionsaitheoir ag an am céanna. Déanann a chraoltaí athrá ar phríomhinsintí na Creimile amhail “dínaitsiú”, líomhaintí maidir le hionsaithe na hÚcráine ar shibhialtaigh, agus líomhaintí maidir le naimhdeas an Iarthair i leith na Rúise. Cuireann sé le téamaí bréagaisnéise freisin, lena n-áirítear líomhaintí maidir le briogadh bréige na hÚcráine agus insintí maidir le cur i gcoinne shlógadh na hÚcráine. Ina theannta sin, déanann Eliseev gníomhaíochtaí míleata agus pearsanra míleata na Rúise a mhóradh, leagann sí béim ar an rath a bhíonn orthu ar an láthair chatha, agus cuireann sí fórsaí na Rúise i láthair mar dhream atá ag saoradh na gcríoch sin. Leis an tuairisciú a dhéanann sé, déantar rialtas agus arm na hÚcráine a dhídhlisteanú, agus ag an am céanna, treisítear tacaíocht intíre don chogadh agus díspreagtar aon easaontú a d’fhéadfadh a bheith ann. Dá bhrí sin, tá Vitaliy Eliseev freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais Rialtas Chónaidhm na Rúise lena mbaintear an bonn de cheannasacht, de chobhsaíocht agus de shlándáil na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, agus as páirt a ghlacadh in ionramháil chomhordaithe ar fhaisnéis agus i scaipeadh insintí lena ndéantar an cogadh leanúnach a dhlisteanú agus a choinneáil sa siúl.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
109.	Yurii Ivanovich PODOLIAKA (Rúiseach: Юрий Иванович ПОДОЛЯКА)	Post: blagálaí míleata Dáta breithe: 21.2.1975 Áit bhreithe: Sumy, PSS na hÚcráine roimhe seo (an Úcráin anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is blagálaí, tráchtaire míleata agus duine mór le rá sna meáin atá ar son na Creimile é Yurii Podoliaka a rugadh san Úcráin agus a thacaíonn le hinsintí na Rúise maidir leis an gcogadh foghach ar an Úcráin agus a chuireann chun cinn iad. Trína ardáin meán agus trína theacht i láthair poiblí, tá bonn cirt tugtha aige don ionradh a rinne an Rúis ar an Úcráin, scaip sé bréagaisnéis agus mhaígh sé go bhféadfadh sé go scoirfeadh an Úcráin de bheith ann mar stát ceannasach. Coinníonn Podoliaka dlúthnaisc le timpeallacht faisnéise stáit na Rúise, tar éis dó aitheantas stáit a fháil, tar éis dó buaileadh leis an Uachtarán Vladimir Putin, agus tar éis dó a bheith le feiceáil go rialta ar theilifís na Rúise. Ina theannta sin, thacaigh sé go gníomhach le hiarracht chogaidh na Rúise trí fheachtais tiomsaithe airgid a eagrú a bhfuil os cionn billiún rúbal bailithe acu don chogaíocht leictreonach agus trealamh frithdhrón d'fhórsaí na Rúise atá ag troid san Úcráin. Dá bhrí sin, tá Yurii Podoliaka freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais Rialtas Chónaidhm na Rúise lena mbaintear an bonn de cheannasacht, de chobhsaíocht agus de shlándáil Bhallstáit an Aontais agus na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, agus as páirt a ghlacadh in ionramháil chomhordaithe ar fhaisnéis agus i scaipeadh insintí lena ndéantar an cogadh leanúnach a dhlisteanú agus a chothú.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
110.	Daniil Viktorovich BEZSONOV (Rúiseach: Даниил Викторович БЕЗСОНОВ)	Tráchtaire míleata, blagálaí cogaidh ar son na Rúise, údar an chainéil Telegram “Unofficial Bezsonov”, láithreoir an chláir Radio Russia “Unofficially About the Main Events of the week with Daniil Bezsonov” Dáta breithe: 1.3.1984 Áit bhreithe: Boryspil, PSS na hÚcráine roimhe seo (an Úcráin anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is iaroifigeach sinsearach de Dhaon-Phoblacht Donetsk (DPR) mar a ghairtear de, tráchtaire míleata, blagálaí, agus pearsantacht sna meáin é Daniil Viktorovich Bezsonov a thacaíonn le hinsintí na Rúise maidir leis an gcogadh foghach ar an Úcráin agus a chuireann chun cinn iad. Agus é le feiceáil go minic ar mheáin stáit na Rúise, ar a chainéal Telegram “Unofficial Bezsonov”, agus ar ardáin phoiblí eile, tá bonn cirt tugtha aige d’fhogha na Rúise faoin Úcráin, scaip sé bréagaisnéis ar son na Creimile, agus thug sé le fios go raibh ionradh na Rúise ar an Úcráin riachtanach agus dlisteanach. Shéan Daniil Viktorovich Bezsonov ceannasacht na hÚcráine arís agus arís eile, chuir sí insintí chun cinn ina ndéantar cur síos ar Úcránaigh agus Rúisigh mar “phobal amháin”, chosain sí gníomhaíochtaí míleata na Rúise, dhiúltaigh sí freagracht na Rúise as ainghníomhartha amhail sléacht Bucha, agus mhol sí go hoscailte faisnéis agus cogaíocht shíceolaíoch chun tacú le cuspóirí cogaidh na Rúise. Thacaigh sé go poiblí freisin le hiarrachtaí míleata na Rúise agus chuir sé tionscnaimh chun cinn atá beartaithe chun cumais chosanta na Rúise agus tacaíocht an phobail don chogadh a neartú. Dá bhrí sin, tá Daniil Bezsonov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais atá inchurtha i leith rialtas Chónaidhm na Rúise, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn de cheannasacht agus de neamhspleáchas tríú stát (an Úcráin) agus ar bagairt iad ar an méid sin, trí úsáid ionramhála agus cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt dhíreach nó indíreach a ghlacadh inti, tacú léi nó í a éascú ar bhealach eile agus trí choinbhleacht fhoréigneach i dtríú tír (an Úcráin) a thionscnamh, tacú léi nó í a éascú ar bhealach eile.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
111.	Petr Valentinovich MARCHENKO (Rúiseach: Петр Валентинович МАРЧЕНКО)	Feidhm: Iriseoir, láithreoir raidió agus teilifíse, láithreoir an chláir sheachtainiúil “Final Program” ar REN TV Dáta breithe: 23.12.1969 Áit bhreithe: Moscó, PSS na Rúise roimhe seo (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is iriseoir teilifíse Rúiseach agus láithreoir ar chláir shuaitheanta nuachta agus anailíseacha REN TV é Petr Marchenko. Trína chraoltaí agus trína thráchtaireacht phoiblí, chuir Marchenko cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin chun cinn agus thug sé údar leis, chuir sé insintí na Creimile in iúl arís agus arís eile maidir le “saoradh” mar a ghairtear de na gcríoch de chuid na hÚcráine atá faoi fhorghabháil, agus chuir sé fogha míleata na Rúise i láthair mar rud atá riachtanach do shlándáil na Rúise. Chuir sé insintí chun cinn freisin ina léirítear an tIarthar agus an Úcráin mar an dream atá freagrach as leanúint leis an gcogadh agus as é a ghéarú. Dá bhrí sin, tá Petr Marchenko freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais Rialtas Chónaidhm na Rúise, agus as iad a scaipeadh, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn de cheannasacht, de neamhspleáchas, de chobhsaíocht agus de shlándáil na hÚcráine, agus as rannchuidiú le hionramháil ar fhaisnéis agus le gníomhaíochtaí bolscaireachta a thugann údar le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus a chothaíonn an cogadh sin.	16.11.2026’;

(2) cuirtear an iontráil seo a leanas leis faoin gceannteideal ‘B. Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí’:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
‘21.	Social Design Agency LLC ar a dtugtar freisin: SDA ar a dtugtar freisin: Social Design Agency (Rúiseach: ООО Агентство социального проектирования; Traslitriú: OOO Agentstvo Sotsialnogo Proektirovania)	Uimhir chlárúcháin: 7728390408 Dáta clárúcháin: 5.12.2017 Seoladh: Prospekt Novoyasenevskii, D.23, K.1, Moscow, 117463, an Rúis Bol’shaya Nikiskaya Ulitsa, 12cl Moscow 125009, an Rúis	Is cuideachta caidrimh phoiblí agus teicneolaíochta polaitiúla atá lonnaithe i Moscó í an Social Design Agency LLC (SDA), ar a dtugtar Agentstvo Sotsialnogo Proektirovania(ASP) freisin (dá ngairtear SDA anseo feasta), a dhéanann tionscadail mhórscála ionramhála agus cur isteach ar fhaisnéis atá á gcistiú, á stiúradh agus á maoirsiú ag Riarachán Uachtaránachta na Rúise. Ní mór formheas an Chéad Leas-Cheann Foirne Sergey Kiriyenko a fháil do mhór-oibríochtaí trasnaíochta eachtraí SDA, agus déanann oifigigh ó Stiúrthóireacht Faisnéise agus Cumarsáide Riarachán an Uachtaráin, go háirithe Sofia Avraamovna Zakharova, duine aonair a liostaigh an tAontas an 16 Nollaig 2024, maoirseacht orthu ar bhonn laethúil. Cuireann SDA é féin i láthair mar chonraitheoir fadtéarmach d’údaráis phoiblí, agus breis is 100 feachtas sochpholaitiúil ar bun aige sa Rúis, san Úcráin agus i dtíortha eile, lena n-áirítear iarrachtaí córasacha i gcoinne an fhreasúra ar an leibhéal feidearálach agus idirnáisiúnta. Dá réir sin, déanann SDA ionramháil chórasach ar thimpeallacht na meán agus na meán sóisialta, scaipeann sé bolscaireacht ar son na Rúise agus oibríonn sé bréagnuacht agus feachtais tionchair hibrideacha trí úsáid a bhaint as ábhar bréagach, brandaí meán clónáilte, ardáin de chineál Vicipéide agus briogadh bréige as líne. Tá feachtais ionramhála faisnéise chomhordaithe eagraithe aige lena ndírítear go sonrach ar na Ballstáit, ar institiúidí an Aontais agus ar thacaíocht phoiblí Eorpach don Úcráin, lena n-áirítear i gcomhthéacs thoghcháin Pharlaimint na hEorpa 2024, chomh maith le hoibríochtaí tiomnaithe i gcoinne na mBallstát amhail an Ghearmáin agus an Fhrainc. Dá bhrí sin, tá SDA páirteach i ngníomhaíochtaí agus beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn den daonlathas agus den smacht reachta, agus ar bagairt iad ar an gcobhsaíocht agus ar an tslándáil san Aontas, i roinnt dá Bhallstáit agus i dtríú tíortha, trí úsáid ionramhála agus cuir isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, páirt a ghlacadh inti, agus trí thacú léi nó í a éascú ar bhealach eile.	16.11.2026’.